

❁ An Lúibín ❁

20 Lúnasa 2013

Reiligí na Gaeilge in Victoria

Leathmhíle slí ó lár Gordon, seanbhaile álainn óir i lár Victoria, tá reilig ar leiceann crochta cnoic. Tá cuid de sheanfhdúirí an cheantair ann, daoine a rugadh in Éirinn sa chéad chuid den 19ú haois. Tá smál na haimsire agus na síne ar na leaca agus ciúnas ina dtimpeall. Seo cuid de chríocha dúchais na Wathaurong freisin: dream nach bhfuil a n-uaigheanna le feiceáil.

Tá scrúdú déanta ag Alyson Lee Greiner ar reiligí Victoria chun léargas a thabhairt ar dháileadh na n-inimirceach in Victoria sa 19ú haois.¹ Éireannaigh ba ea cuid mhaith acu agus tá fo-léargas le fáil óna saothar ar scaipeadh na Gaeilge. Is iad na dátaí breithe is fearr a dhéanann léiriú ar an scéal, iad sin agus na bailte fearainn: is féidir iad a chur i gcomparáid lena bhfuil d'eolas againn ó na daonáirimh ar chéatadán na gcainteoirí Gaeilge in Éirinn ó thréimhse go tréimhse. Ní mór a chuimhneamh sa chás seo, ar ndóigh, go bhfuilimid ag brath ar fhianaise na leac amháin: mar sin, bheadh bearnaí ann.

I dtuaisceart réigiún lárnach Victoria is léir gur daoine ó Chúige Mumhan ba líonmhaire i measc na n-inimirceach Éireannach: 56% in aghaidh 15% ó Chúige Uladh. Bhí neart Éireannach in Kilmore, Benalla, Mansfield, Maroopna agus Nagambie. B'as Co. Thiobraid Árann do 37% dá raibh curtha in Kilmore, ach dealraíonn sé go raibh imirce shlabhra (*chain migration*) lag go leor: ceathrar inimirceach amháin a tháinig ón bparóiste céanna.

I réigiún eile, Gleannta Murray-Ovens agus Gippsland, bhí an líon Éireannach níos airde ná meánfhigiúr na tíre. Taispeánann na huaigheanna go raibh Co. Thiobraid Árann chun tosaigh arís: in Gippsland, áfach, bhí an dream sin agus muintir Cho. Chiarraí gob ar ghob. Is beag duine a tháinig ó Chúige Chonnacht nó ó Chúige Laighean. Bhí ceithre uaigh Éireannacha is fiche ag Beechworth agus luaigh ocht gcinn de na leaca áit dhúchais i dThiobraid Árann.

Anois, na hÓrcheantair Lárnacha (an réigiún is annsa leis *An Lúibín*). Rinne Greiner suirbhé ar dhá reilig déag agus rinne amach gurb iad muintir Cho. Thiobraid Árann is mó a bhí iontu: 23% de shamplaí Éireannacha an réigiúin. B'as Co. an Chláir do 18% agus b'as Co. Luimnigh do 10%. I mBallarat b'as Co. an Chláir do 26% agus ní raibh Co. Thiobraid Árann i bhfad chun deiridh. Sa dá chás bhain siad le mórán ceantar difriúil: An Fhiacail, Croisín, Cora Finne, Inis Díomáin agus Sráid na Cathrach i gCo. an Chláir, mar shampla. Arís, chuirfeadh dáileadh na n-inimirceach in iúl nach mór an tábhacht a bhí leis an imirce shlabhra.

In iardheisceart Victoria, más fíor do na hinscríbhinní, b'as Cúige Mumhan do 39% de na hinimircigh Éireannacha agus b'as Cúige Uladh do 31% - céatadán neamhchoitianta. Bhí Co. Thiobraid Árann agus Co. Aontroma chun tosaigh. A mhalairt de scéal a bhí le fáil in Warrnambool féin, áfach: 18% as Co. Aontroma agus 12% as Co. Thiobraid Árann. Bhí dhá chontae is fiche as dhá chontae is tríocha d'Éirinn le fáil in Warrnambool.

Thaispeáin Daonáireamh 1901 gur in Éirinn a rugadh 28% de mhuintir Wimmera-Grampians, agus de réir Dhaonáireamh 1904 b'as Éirinn do 31% díobh. Taispeánann na hinscríbhinní gur tháinig 15% ó Cho. Chorcaí agus 13% ó Cho. Thiobraid Árann, agus gur ó Cho. an Chláir a tháinig cuid mhaith den fhuíoll. Sa Cheantar Iartharach bhain 16% de na hinscríbhinní le Co. Chorcaí agus 11% le Co. Thiobraid Árann; bhain 11% le Co. Luimnigh agus 9% le Co. an Mhí.

¹

Alyson Lee Greiner: 'British and Irish Immigration to Rural Nineteenth-Century Australia: Sources and Destinations'. Tráchtas PhD, 1996, University of Texas.

Caithfidh sé go ndeachaigh neart Gaeilge i gcré leis na daoine úd, de réir na bliana ar thug siad a n-aghaidh ar an Astráil agus an cheantair ar tógadh iad. D'fhan deisceart Cho. Thiobraid Árann níos dílse don Ghaeilge ná mar a d'fhan an tuaisceart. I nDaonáireamh 1851 bhí céatadán na gcainteoirí dúchais sna barúntachtaí is faide ó dheas mar a leanas: Clann Liam 16%, Sliabh Ardach 25%, An Trian Meánach 26%, Uíbh Eoghain agus Uí Fhathaidh Thoir 28%, Uíbh Eoghain agus Uí Fhathaidh Thiar 65%. Bhí céatadán an tuaiscirt idir 0.7% agus 11%, cé gur cosúil go raibh na fíorúimhreacha níos airde i ngach cás.²

Laghaigh na céatadán níos luaithe ná a chéile i gcontaethe difriúla le himeacht na mblianta:

- Contae an Chláir: 1801-11, 90%; 1831-41, 72%; 1861-71, 38%.
- Contae Luimnigh: 1801-11, 73%; 1831-41, 34%; 1861-71, 3%.³

Má rugadh thú idir 1830 agus 1840 i gCúige Mumhan, ar nós cuid mhór de na hÉireannaigh a bhain an Astráil amach, seans maith go dtabharfa Gaeilge anall leat. Sin é an scéal atá le hinsint acu siúd agus iad faoi leac.



Máire Ní Shúilleabháin

Ar 2 Feabhra 1884, i Sráid na Cathrach i gContae an Chláir, a rugadh Máire Ní Shúilleabháin. Bhí sí ar na timirí Gaeilge a ceapadh faoin mBord Náisiúnta Oideachais sa bhliain 1907 agus gan aon bhean eile ina cuideachta. Ní raibh a fhios aici féin ná ga aon duine eile, is dócha, go bhfaigheadh sí bás in Queensland na hAstráile in aois a deich mbliana is fiche agus í ag saothrú na Gaeilge fós. Bhain sí le gluaiseacht nua an náisiúnachais teanga a raibh Conradh na Gaeilge sáite inti, agus bhí fonn mór uirthi an Ghaeilge a chur á múineadh mar ábhar sna scoileanna.

Bhí Gaeltacht an Chláir ag cúlú nuair a saolaíodh í agus a rian sin ar a mhuintir féin. Dúirt Daonáireamh 1901 gurbh í Úna Ní Mharanáin a máthair agus go raibh Seán Ó Súilleabháin, a hathair, ina shiopaóir. Bhí Gaeilge agus Béarla acu beirt, ach Béarla amháin a bhí ag beirt de na páistí ab óige (Alice agus John), agus ba í Máire amháin, an duine ba shine den chlann, a shaothraigh teanga a sinsear. Chuaigh Máire ar scoil i nGaillimh, cathair a raibh Gaeilge le cloisteáil sna sráideanna, agus ansin i mBaile Átha Cliath. D'fhan sí ann lena huncail Michael agus a bhean chéile Alice; b'as Contae an Chláir do Michael agus é gan Ghaeilge, ar nós Alice. Bhí sí ar lóistín acu fós sa bhliain 1911; faoin am sin bhí BA aici.

Bhí cáil uirthi mar oibrí dícheallach – ródhícheallach, b'fhéidir, mar nach raibh an tsláinte go maith aici. Dúradh fúithi gurbh é a bhíodh uaithi leanaí a chur ag labhairt na teanga agus nach labhródh sí ach Gaeilge leo – modh teagais a ndéanfaí failli ann sna scoileanna náisiúnta. Chaith sí ceithre bliana ag obair don Bhord sular theip ar a sláinte, agus thug sí Brisbane uirthi féin. Más í an eitinn a bhí uirthi, dhéanfadh teas na gréine tairbhe di, nó sin mar a shílí ag an am. In Brisbane lean sí uirthi ag múineadh Gaeilge do pháistí na nÉireannach. Fuair sí bás ar 14 Iúil 1914 agus thug [An Claidheamh Soluis](#) agus an [Clare Journal](#) cuntas ar an scéal. Luadh an obair róchrúa mar chúis a báis.

Is díol spéise í Máire mar dhuine de shoiscéalaithe na Gaeilge i ré bhláfar na hAthbheochana nach raibh de chuspóir aici ach an teanga a chur chinn agus (de thimpiste) thar lear. Tá an ré sin imithe, in éineacht le cuid mhaith den náisiúnachas a bhain léi; ach cuimhnimis ar an díograiseoir úd nach ndearna dhá leath dá dícheall leis an obair.

Féach <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=793>.



² Garret Fitzgerald, 'Estimates for baronies of minimal level of Irish-speaking amongst successive decennial cohorts, 117-1781 to 1861-1871,' Volume 84, *Proceedings of the Royal Irish Academy* 1984

³ Fitzgerald 1984.

Dúisigh mé

Tá *An Lúibín* sean agus críonna, agus ní mór í ár suim sa phopcheol. Ach thugamar faoi deara go raibh éileamh forleathan ar leagan Gaeilge de ‘Wake Me Up,’ amhrán le Avicii.⁴

http://www.youtube.com/watch?v=1A6__HssHW8

Tháinig an leagan seo ó Choláiste Lurgan in Indreabhán, Conamara, coláiste samhraidh nua-aimseartha a chuireann a lán tionscadal ar bun. Tháinig clú cheana ar a leagan Gaeilge den amhrán ‘Some Nights’ le FUN, agus tá a lán físeán eile le teacht. Tá cainéal YouTube acu (TG Lurgan) agus stiúideo taifeadta.

Is é Mícheál Ó Foighil an bainisteoir, agus tá sé d’aidhm aige daoine óga a chur ag úsáid na teanga go nádúrtha agus ag baint suilt aisti. Cén chaoi ar tharla sé, a deir Ó Foighil, nach féidir le formhór na ndaoine an teanga a labhairt go líofa fiú tar éis dóibh a bheith á foghlaim le trí bliana déag? 95% den airgead a chaitear ar an teanga caitear tríd an Roinn Oideachais é, ach is beag toradh atá air. Tá deiseann móra á gailleadh. Deir sé go bhfuil an córas ‘banjaxed’.⁵ Is léir, áfach, nach bhfuil a mhisneach cailte aige.

Féach www.youtube.com/tglurgan agus www.lurgan.biz.



Bliain an Áir: an gorta ba ghéire

Tagann an Drochshaol idir sinn agus gorta eile a thit amach céad bliain roimhe, sna blianta 1740 agus 1741. B’fhéidir gur mharaigh an gorta sin níos mó daoine, agus chuir sé slua eile ar seachrán. Is beag duine, áfach, a chuimhníonn anois air.

Is é ba bhun leis an ngorta úd an ‘Sioc Mór’ a rug ar an Eoraip agus gan aon ullmhú déanta ina aghaidh, mar gur geimhreadh neamhdhian a bhí ann le deich mbliana anuas. Ba é buille deireanach na hOighearaoise Bige é – tréimhse a d’fhág an Tamais reoite le linn Eilís I agus atá le feiceáil in ealaín na haoise sin.

Éire is mó a bhí thíos leis an Sioc Mór. Bhí feabhas beag ag teacht ar an ngeilleagar le caoga bliain anuas ó chogadh Liam Oráiste, ach bhí na sluaite bochtán ann; ba bheag an chabhair dóibh reachtaíocht faoi fheabhsú talún agus tionsclaíochta ná dícheall na n-eagraíochtaí deonacha. Ba mhuintir tuaithe iad pobal na hÉireann fós; bhí na bailte móra ann ach ní raibh an oiread sin daoine iontu; barraí teaghlaigh a bhí á saothrú agus gan mórán le díol. Ba lag an chosaint an méid sin ar an ngorta. Ba dheacair arbhar a chur i dtaisce nuair a bheadh fómhar maith ann, agus ní raibh an talamh á shaothrú le héifeacht. Bhí coillte á lomadh le haghaidh tógáil long agus chun talamh a chur faoi bharráí; lean creimeadh talún é agus chuir sé isteach fiú ar ainmhithe clóis. Bhí meath ag teacht ar an iascaireacht de bharr chreachadh an éisc le líonta scríbe (a mhilleadh an fheamainn agus sceathrach) agus bhí bailte móra an chósta á lagú dá bharr.

Tháinig geimhreadh fíorghéar sa bhliain 1740 agus rinneadh meall oighir den Life. Dúradh sa Dublin Gazette go raibh ‘tables and forms on the Liffey and selling liquors, and it is said they intend to roast an Ox on it’. Bhí Sasana chomh fuar céanna. Ar éigean a bhí sneachta ann ach rinneadh oighear d’aibhneacha agus de lochanna. Bhí móin le dó ag muintir na tuaithe ach is beag rud a bhí ag bochtáin na mbailte móra. An gual a thagadh ó

⁴ Tada riamh nach mbíonn thart / diabhal a fhios ‘am cá bhfuil deireadh mo scéil / ach tá mé ar an mbealach ceart / deir siad liom gan a dhul sa tseans.

Nach dtagann ciall roimh aois / bhuel ‘sé m’aistear é / ní léir cén fhad a mhairfidh sé / ‘sé togha ar aon chaoi.
So lig mé saor ón suan ‘tá orm / speáin dom bóthar éasca cothrom / bainfidh mé ceann scríbe amach / ‘sí m’aidhm, cibé treo atá i ndán.

Mé ag iompar ualach mór an tsaol / ach níl ‘am ach péire lámh / súile troma is an ghrian ag dul faoi / Ach ní chodlaíonn mé go sámh.

“Bris amach agus tú fós sách óg” / chinnigh mé le dul ina aghaidh / bhuel, seo mo ré, seasfaidh mé an fód / ‘s leanfaidh mé ar aghaidh.

⁵ ‘The YouTube approach to learning Irish’: *Irish Times*, 19 Lúnasa 2013 : <http://www.gaelport.com/nuacht/The-Youtube-approach-to-learning-Irish/>

Shasana agus ón mBreatain Bheag níorbh fhéidir é a dhíládáil agus an oiread sin oighir ar na duganna. Creachadh gach crann agus tor dá réir. Bhí an obair féin gann: bhí rothaí muilinn ina stad, gan min le fáil ag báicéirí, ná éadach úctha ag fíodóirí, ná laíon ceirteacha le haghaidh páipéir ag clódóirí. Bhí sráideanna Bhaile Átha Cliath dorcha: bhí ola na lampaí reoite.

Amuigh faoin tuath bhí daoine ag brath go mór ar phrátaí agus ar mhín choirce. Bhí súil le barr mór prátaí sa bhliain 1740 ach mhill an sioc é: na prátaí a fágadh sna garraithe bhí siad millte agus ní raibh ábhar síl féin le fáil. D'itheadh daoine bainne géar, neantóga, praiseach buí agus prátaí lofa.

Bhí déirc á dáileadh, áfach, le carthannas agus le stuaim: ba chuimhin ag na húdaráis ar chíríbeanna bia a tharla i mblianta eile. I gceann ceithre seachtaine i dtús na bliana 1740 bhí beagnach ochtó tonna gual agus deich dtonna mine roinnte ag ministrí Eaglais na hÉireann. Cuireadh cosc ar ghráinne a easportáil go dtí tír ar bith ach amháin an Bhreatain. Tháinig dhá eachtra ailteoireachta as an tubaiste: an 'Conolly Folly' agus an 'Wonderful Barn' i gCo. Chill dara, foirgnimh a chuir Katherine Conolly á dtógáil chun obair a sholáthar. Bhí freastal maith ar an bochtáin i gCaiseal Mumhan: 'Every Sunday, Tuesday and Thursday, they [the poor] are served with excellent soup well seasoned with spice and herbs, and thickened with oat meal; every other day, they have stirabout well prepared, for to every hogshead of water there is allowed half a barrel of meal, 12 pound of butter, a peck of salt, a quarter of a pound of pepper; each grown person, gets three pins at each mess, and every young body, half as much, which serves most of them for two good meals; this contribution is wholly confined to the town' (George Faulkner, *The Dublin Journal*, 1741). I mBaile Átha Cliath bhí céad bochtán á gothú saor in aisce ag an ollscoil gach lá. Nuair ba mheasa an gorta bhí teach na mbocht ag freastal ar 34 000 bochtán, a bheag nó a mhór, gach seachtain.

Bhí sé fuar fós in Earrach na bliana 1740 agus bhí triomach ann: fuair caoirigh Chonnacht agus beithígh dhubha an deiscirt bás. Scriosadh idir chruithneacht agus eorna, bhí ardú faoi phraghsanna aráin agus laghdú ar thoirnt na mbuilíní. Faoi shamhradh na bliana 1740 bhí sráideanna na mbailte móra plódaithe le bacaigh. Thosaigh na círíbeanna, agus ba mheasade an scéal an cogadh a bhí ar siúl ag an am: bhí foghlaithe Spáinneacha ag teacht roimh na longa a bhí ag tabhairt gráinne agus cuireadh bac ar easportáil earraí eile. Ansin tháinig faoiseamh éigin: barraí beaga ann i bhFómhar na bliana 1740 agus íslíú ar phraghsanna sna bailte móra. Ach ba ghearr gur tháinig sneachta, tuilte móra agus reo. Nuair a tharla an leá bhí grúim mhóra ag teacht anuas an Life agus iad ag iompú bád.

Bhí na húdaráis i mBaile Átha Cliath ag iarraidh praghas an arbhair a choinneáil íseal; sholáthair an tArdeaspag Protastúnach Boulter bia do bhochtáin na cathrach ar a chostas féin. Rinne roinnt tiarnaí talún freastal ar bhochtáin na tuaithe, ag cur daoine ag pábháil, ag draenáil, ag tógáil claíocha, bóithre agus canálacha, agus ag glanadh cuanta. Ach bhí bia á cheilt ar an bpobal. Rinne Ard-Shirriaim na gcontaethe amach go raibh neart arbhair á choinneáil i dtaisce ag feirmeoirí: i gContae Lú, mar shampla, bhí os cionn 85,000 bairille arbhair i seilbh timpeall 1,655 feirmeoir.

Sa chéad seachtain d'Iúil 1741 tháinig laghdú ar phraghsanna arbhair; an chruithneacht a bhí i dtaisce go dtí sin tháinig sí ar an margadh ina rabharta. Tháinig cúig long a bhí lán d'arbhair i Mí na Bealtaine 1741, ó Mheiriceá is dócha. Bhí cuid de bharraí na bliana 1741 níos measa ná a chéile ach bhí siad thar a bheith go maith ar feadh dhá bhliain ina dhiaidh sin.

Ní fios go díreach cá mhéad duine a fuair bás den ocra nó de ghalracha. Mharaigh an bhuinneach mórán daoine, cé gur mheasa an scéal sna bailte móra ná faoin tuath. Deirtear, mar thuairim mheáite, gur cailleadh 38% den phobal, céatadán ab airde ná an líon a cailleadh i rith an Drochshaoil.

Bhí imirce mhór ann. Chuaigh mórán ag obair mar spailpíní i Sasana nó ar lorg oibre i Londain. Chuaigh lear daoine eile thar sáile – níos mó ná mar a chuaigh sa Drochshaoil, b'fhéidir. D'aistrigh formhór na n-imirceach ó áit go háit in Éirinn féin, ón tuath go dtí na bailte móra de ghnáth. Chuaigh mórán eile go dtí Philadelphia, áit a bhfaighidís rompu cairde gaoil a chuaigh ann sna blianta 1728-29, nó go dtí Delaware; bhí an ráta imirce 500% níos airde idir na blianta 1730 agus 1740. Sna blianta 1740-41 bhí an ráta imirce ó dheisceart na hÉireann timpeall 300% nó 400% níos airde ná mar ba ghnách. Bheadh an imirce níos láidre fós murach an bochtanas.

Ó fhoinsí Béarla a thagann an chuid is mó den eolas atá againn ar an ngorta seo, ach d'fhág sé a rian ar fhilíocht na Gaeilge. Ar na dánta seo tá *Tuireamh na bhfataí bliain an tseaca mhóir .i. 1739 agus M'atuirse ghéar, mo phéin, mo*

bhrón, mo bhruid, dhá shaothar le file nó filí in oirthear Cho. Chorcaí. Séamus Mór Mac Coitir, file a bhain le muintir liteartha láimh le Caisleán Ó Liatháin i gCo. Chorcaí, a scríobh *Ní cogadh ná ceargaill fhada idir airdríthibh*. Tháinig *Má bhí brón ró-mhór gan téimheal agus Fo liag sheaca [i] ngéibheann* ó láimh Thaidhg Uí Neachtain, file, múinteoir agus scríobhaí i mBaile Átha Cliath.

B'fhurasta bliain an Áir a dhearmad: tá an Drochshaol níos gaire dúinn agus tá i bhfad níos mó eolais le fáil air. Thairis sin de, tharla sé nuair a bhí an náisiúnachas ag coipeadh in Éirinn agus é i bhfad níos eagraithe ná riamh roimhe sin; rinneadh scéal naofa náisiúnach den Drochshaol dá réir. Ar ndóigh, níor scéal simplí é i ndáiríre: bhí tiarnaí talún ag achrann le tionóntaí, ba mhinic feirmeoirí in achrann lena gcuid sclábhaithe, bhí siopadóirí ag ceilt creidmheasa ar fhear an bheagáin. Is olc an ghaoth nach séideann do dhuine éigin, agus admhaítear anois gur iomaí Caitliceach a bhain tairbhe as an Drochshaol. Mar a deir an staraí Cormac Ó Gráda, b'éigean finscéal a chumadh a thabharfadh daoine le chéile, finscéal cumhachtach na páise comhchoitinne. Ligeadh an gorta eile i ndearmad dá réir.

*Dickson, David (1997). *Arctic Ireland: The Extraordinary Story of the Great Frost and Forgotten Famine of 1740-41*. Dublin: White Row Press.

*Drake, Michael, 'The Irish Demographic Crisis of 1740-41' in *Historical Studies* VI, T. W. Moody (ed.). London: Routledge & Kegan Paul 1968.

S. Engler, F. Mauelshagen, J. Werner agus J. Luterbacher, 'The Irish famine of 1740-1741: famine vulnerability and "climate migration"' in *Climate of the Past*, 9, 1161-1179, 2013: <http://www.clim-past.net/9/1161/2013/cp-9-1161-2013.pdf>

Cormac Ó Gráda, Diarmaid Ó Muiríthe, 'The Famine of 1740-41: Representations in Gaelic Poetry' in *Éire-Ireland*: <http://muse.jhu.edu/journals/eire-ireland/summary/v045/45.3-4.o-grada.html>

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Leagan simplithe

Bliain an Áir: an gorta ba ghéire

Chuala gach duine faoin Drochshaol (an ‘Gorta Mór’) i lár an naoú haois déag. Bhí gorta eile ann roimhe sin sna blianta 1740 agus 1741, agus bhí sé chomh dona leis an Drochshaol. Thug na hÉireannaigh ‘Bliain an Áir’ ar an mbliain 1741.

Tharla an gorta sin de bharr an ‘tSeaca Mhóir’⁶ a bhuail an Eoraip sa bhliain 1740. Ba í Éire ba mhó a bhí thíos leis.⁷

Bhí mórán daoine bocht in Éirinn ag an am. Bhí formhór na ndaoine ina gcónaí amuigh faoin tuath. Bhainidís feidhm as a gcuid barr barr chun iad féin a chothú; ní bhíodh mórán bia le díol acu. Ba dheacair dóibh arbhar a chur i dtaisce. Bhí na coillte á leagan fós agus bhí an talamh á creimeadh dá bharr. Bhí meath ag teacht ar an iascaireacht.

I geimhreadh na bliana 1740 bhí na haibhneacha (fiú na Life) agus na lochanna reoite. Bhí móin le dó ag muintire na tuaithe ach bhíodh daoine sna bailte móra ag brath ar an ngual, agus níorbh fhéidir gual a thabhairt isteach ón mBreatain de bharr na drochaimsire. Bhí rothaí muilinn ina stad: ní raibh min le fáil ag báicéirí. Bhí sráideanna Bhaile Átha Cliath dorcha: bhí ola na lampaí reoite.

Bhí daoine ag brath go mór ar phrátaí agus ar mhín choirce amuigh faoin tuath. Bhí súil le barr mór prátaí sa bhliain 1740 ach mhill an sioc é.

Bhí déirc le fáil i mBaile Átha Cliath agus i roinnt bailte móra. Bhí bia á roinnt ag na húdaráis agus ag daoine saibhre. Bhí tiarnaí talún ar nós Katherine Connolly ag cur oibre ar fáil do na bochtáin. Bhí triomach ann sa samhradh agus bhí sráideanna na mbailte móra plódaithe le bacaigh. Bhí ciréibean ann. Bhí cogadh ar siúl idir an Bhreatain agus an Spáinn, agus bhí foghlaithe Spáinneacha ag gabháil long a bhí ag tabhairt gráinne go dtí Éire.

Bhí na húdaráis i mBaile Átha Cliath ag iarraidh praghas an arbhair a choinneáil íseal. Fuair siad amach go neart arbhair á dtaisceadh ag feirmeoirí. Ach i Mí Iúil 1741 tháinig laghdú ar phraghsanna arbhair. An chruithneacht a bhí á taisceadh go dtí sin cuireadh ar díol í agus thosaigh longa ag tabhairt arbhair isteach. Bhí barraí maithe in Éirinn.

Ní fios go díreach cá mhéad duine a fuair bás den ocra nó de ghalracha. Mharaigh an bhuinneach mórán daoine, cé gur mheasa an scéal sna bailte móra ná faoin tuath. Deirtear, mar mheastachán, gur cailleadh 38% den phobal, céatadán ab airde ná an líon⁸ a cailleadh i rith an Drochshaoil.

Bhí imirce mhór ann. D’aistrigh formhór na n-imirceach ón tuath go dtí na bailte móra. Chuaigh mórán eile go dtí Philadelphia nó chun Delaware i Meiriceá. Bheadh an imirce níos láidre fós murach an bochtanas.

Ó fhoinsí Béarla a thagann an chuid is mó den eolas atá againn ar an ngorta seo, ach scríobhadh dánta Gaeilge faoi i gContae Chorcaí agus i mBaile Átha Cliath.

⁶ An Sioc Mór: *gen.* an tSeaca Mhóir

⁷ Thíos leis – disadvantaged by it

⁸ Líon – number of people